Cúnamh le Cistiú Comhfhreagrach do Thionscadail faoi EU PROGRESS 2007 – 2013 sa bhliain 2012.

Sa bhliain 2012 féadfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí (Rannóg um Chuimsiú Sóisialta) cúnamh a chur ar fáil do ghrúpaí/d'eagraíochtaí a cháilíonn le haghaidh tionscadal faoi shnáithe an chuimsithe shóisialta de EU PROGRESS 2007-2013. Chabhródh an cistiú chun riachtanais maidir le cistiú comhfhreagrach a shásamh faoi PROGRESS, mar ar féidir le suas le 20% de chostas iomlán an tionscadail a bheith riachtanach i bhfoirm chistiú chomhfhreagraigh.

Is é €75,000 an ciste iomlán a bheidh ar fáil chuige sin sa bhliain 2012.

Glacfar le hiarratais ó ghrúpaí / eagraíochtaí a shásaíonn na critéir cháilitheachta seo a leanas:

(i) Grúpaí/eagraíochtaí/páirtíochtaí atá bunaithe in Éirinn agus a cháilíonn le haghaidh cistiú tionscadail faoi shnáithe an chuimsithe shóisialta de EU PROGRESS 2007-2013 *agus*

(ii) a gcuirfear an tionscadal i gcrích (go hiomlán nó go páirteach) sa bhliain 2012 *agus*

(iii) a dteastaíonn cúnamh uathu chun an riachtanas maidir le cistiú comhfhreagrach de suas le 20% de chostas iomlán an tionscadail a shásamh.

Gheofar sonraí an chiste sa doiciméad atá ceangailte de seo.

Ba cheart iarratais a sheoladh i bhfoirm chóip chrua chuig:

PROGRESS – Cúnamh le Cistiú Comhfhreagrach

An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta

An Roinn Coimirce Sóisialaí

An Chéad Urlár

Teach Gandon

Sráid Amiens

Baile Átha Cliath 1